Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Márta 2018
(OR. en)

7222/18
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0044 (COD)**

JUSTCIV 63
ECOFIN 256
EJUSTICE 16
COMPET 165
CODEC 403
IA 71

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Márta 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 53 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 53 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: SWD(2018) 53 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.3.2018
SWD(2018) 53 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de**

{COM(2018) 96 final} - {SWD(2018) 52 final}

GA GA

## Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar

**Togra le haghaidh Rialacháin maidir leis an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de**

agus

**Teachtaireacht maidir leis an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí dílseánaigh idirbheart urrús**

### A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

Is í a fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi leis an tionscnamh seo ná an easpa deimhneacht dhlíthiúil maidir le cén dlí náisiúnta lena gcinntear na héifeachtaí dílseánaigh i ndáil le sannadh éileamh agus idirbhearta urrús trasteorann. Ós rud é go bhféadfadh feidhm a bheith le roinnt dlíthe náisiúnta, i gcás trasteorann, ní mór do rannpháirtithe sa mhargadh soiléireacht a fháil maidir le cé na dlíthe a chaithfidh siad a urramú lena áirithiú go bhfaighidh siad teideal dlí ar an éileamh nó an urrús.

Faoi láthair, níl aon rialacha easaontachta dlíthe ann san Aontas maidir le héifeachtaí dílseánaigh ó thaobh sannadh éileamh de agus tá easpa leanúnachais agus soiléire i rialacha easaontachta dlíthe na mBallstát. Maidir le hurrúis, leagtar síos rialacha easaontachta dlíthe i ndáil le héifeachtaí dílseánaigh idirbheart urrús sa Treoir Comhthaobhachta Airgeadais, sa Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta, agus sa Treoir maidir le Foirceannadh. Tá na forálacha sin cosúil sa mhéid go n-ainmnítear iontu uile an dlí is infheidhme ar bhonn na háite ina bhfuil an clár ábhartha nó an cuntas urrús lonnaithe. Mar sin féin, tá na mionsonraí éagsúil agus ní hionann an bealach a leagtar amach na rialacha iontu, agus cuirtear chun feidhme ar bhealach difriúil iad ar fud an Aontais.

Cruthaíonn an easpa deimhneacht dhlíthiúil riosca dlíthiúil i gcás idirbhearta trasteorann. Mura bhfuil rannpháirtithe sa mhargadh ar an eolas faoin riosca nó má roghnaíonn siad neamhaird a dhéanamh air, féadfaidh caillteanais airgeadais gan choinne a bheith ann dóibh; má chinneann siad an riosca a mhaolú trí chomhairle dlí sainiúil a lorg, beidh costais níos airde idirbheart i gceist; má chuireann an riosca dlíthiúil cosc orthu agus má roghnaíonn siad é a sheachaint, féadfaidh siad deiseanna gnó a chailleadh agus féadfaidh sé go dtiocfaidh laghdú ar chomhtháthú an mhargaidh.

Is sásra dlíthiúil é sannadh éileamh a úsáideann cuideachtaí d'fhonn rochtain a fháil ar mhaoiniú. Sanntar éilimh i bhfachtóireacht agus in urrúsú agus mar chomhthaobhacht chun creidmheas a fháil. Measadh go raibh luach EUR 1,557 mbilliún ar mhargadh na fachtóireachta in 2015; déantar thart ar 25 % de na hidirbhearta ar an margadh airgeadais arna maoiniú ag an Eorachóras a urrúsú le éilimh chreidmheasa mar chomhthaobhacht, suas le luach EUR 520 billiún san iomlán; agus b'fhiú EUR 237.6 billiún margadh na heisiúna urrúsúcháin san Aontas Eorpach in 2016. Rinneadh isteach agus amach le 440 trilliún idirbheart urrús trasteorann in 2015.

Is institiúidí airgeadais iad na páirtithe leasmhara a bhfuil tionchar díreach ag an riosca dlíthiúil orthu in idirbhearta in éilimh agus in urrúis trasteorann (amhail bainc a bhfuil baint acu le hiasachtaí, fachtóireacht, soláthar urrúis chomhthaobhaigh agus urrúsú), idirghabhálaithe airgeadais a dhéanann gnó in urrúis agus éilimh, infheisteoirí deiridh (cistí, infheisteoirí miondíola) agus iasachtaithe (custaiméirí miondíola agus gnólachtaí, lena n-áirítear FBManna).

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Is é cuspóir beartais an tionscnaimh seo deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar maidir le hidirbhearta trasteorann in éilimh agus in urrúis trí shoiléiriú a dhéanamh ar cén dlí náisiúnta ba cheart éifeachtaí dílseánaigh na n-idirbheart sin a rialú agus, dá réir sin, infheistíocht trasteorann a chothú agus rochtain ar chreidmheas a éascú. Is é is aidhm don tionscnamh seo rialacha comhchoiteanna maidir le heasaontacht dlíthe a ghlacadh is infheidhme i ndáil le héifeachtaí dílseánaigh ó thaobh sannadh éileamh de agus soiléiriú a dhéanamh ar thuairimí an Choimisiúin i dtaca leis na rialacha easaontachta dlíthe atá i bhfeidhm cheana san Aontas maidir le héifeachtaí dílseánaigh idirbheart urrús ionas go gcuirfear na rialacha sin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Tá breisluach soiléir ann a thugann aghaidh ar na fadhbanna a thuairiscítear ar leibhéal an Aontais. Maidir le héilimh, is iad rialacha náisiúnta easaontachta dlíthe atá neamhréireach agus doiléir is cúis leis an éiginnteacht dhlíthiúil atá ann faoi láthair, agus an riosca dlíthiúil a chruthaítear dá bharr sin. Maidir le héilimh, mheas 80 % de na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo sa staidéar a choimisiúnaigh an Coimisiún, agus mheas 70 de na páirtithe leasmhara a léirigh tuairim sa chomhairliúchán poiblí go mbeadh breisluach breise ag

beart ar leibhéal an Aontais. Maidir le hurrúis, déanfaidh an Teachtaireacht maidir le hurrúis trédhearcacht a fheabhsú mar aon le soiléireacht na rialacha atá i bhfeidhm cheana ar fud an Aontais, gan cur isteach ar *acquis* an Aontais atá i bhfeidhm cheana, rud is ábhar imní do na páirtithe leasmhara.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Is toradh ar an easpa rialacha easaontachta dlíthe maidir le héifeachtaí dílseánaigh ó thaobh sannadh éileamh de ar leibhéal an Aontais agus ar rialacha easaontachta dlíthe a bheith i bhfeidhm i mBallstát éagsúla atá neamhréireach agus doiléir, an éiginnteacht dhlíthiúil atá ann faoi láthair agus an riosca dlíthiúil a chruthaítear dá bharr sin maidir le sannadh éileamh trasteorann. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar maidir le sannadh éileamh trasteorann agus, dá réir sin, rochtain ar mhaoiniú níos saoire a éascú do chuideachtaí, lena n-áirítear FBManna agus tomhaltóirí, is í an rogha thosaíochta tionscnamh reachtach de chuid an Aontais Eorpaigh a ghlacadh, chun rialacha easaontachta dlíthe a chomhchuibhiú maidir le héifeachtaí tríú páirtithe ó thaobh sannadh éileamh de. D'fhéadfaí aon díospóid maidir le cearta úinéireachta a réiteach trí dhearbhú a dhéanamh ar bhealach aonfhoirmeach maidir le cén dlí náisiúnta ar cheart feidhm a bheith aige d'fhonn cearta úinéireachta den sórt sin a chinneadh maidir leis na héilimh arna sannadh, is cuma cén údarás Ballstáit a scrúdaigh an cás.

Maidir le rialacha easaontachta dlíthe i ndáil le héifeachtaí dílseánaigh idirbheart urrús, rinneadh measúnú ar roghanna reachtacha agus roghanna neamhreachtacha araon. Is rogha neamhreachtach é an rogha bheartais thosaíochta, is é sin Teachtaireacht a eisiúint lena soiléirítear tuairimí an Choimisiúin maidir le gnéithe áirithe de na trí Threoir atá i bhfeidhm cheana. Is iad seo a leanas na cúiseanna atá leis an rogha sin: (1) níl mórán fianaise inláimhsithe ann ar rioscaí ábhartha; (2) tugann na Treoracha aghaidh cheana féin ar na príomhcheisteanna dlíthiúla san Aontas, cé nach ndéantar amhlaidh ar an leibhéal idirnáisiúnta; (3) tá difríochtaí mór idir roghanna na bpáirtithe leasmhara; agus (4) seans nach bhféadfaidh a chur san áireamh i mbeart reachtach forbairtí idirnáisiúnta agus teicneolaíochta a tharlóidh amach anseo. Is féidir leis an rogha thosaíochta, is é sin Teachtaireacht a eisiúint lena soiléirítear tuairimí an Choimisiúin i dtaca leis na forálacha atá ann cheana maidir le heasaontacht dlíthe, níos mó soiléireachta a thabhairt gan aon tionchar diúltach ar aon ghrúpa de pháirtithe leasmhara nó éifeachtaí glasála i ndáil le forbairtí beartais sa réimse seo amach anseo.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Maidir le héilimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara cé na roghanna tosaíochta a bhí acu i ndáil leis an dlí ar cheart a feidhm a bheith aige maidir le héifeachtaí dílseánaigh i ndáil le sannadh éileamh trasteorann sa staidéar a choimisiúnaigh an Coimisiún agus sa chomhairliúchán poiblí. Sa staidéar a choimisiúnaigh an Coimisiún, bhí 44 % de na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo i bhfabhar an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra agus bhí 30 % i bhfabhar dhlí an éilimh arna shannadh. Sa chomhairliúchán poiblí, as measc na páirtithe leasmhara a thug tuairim uathu, bhí 57 % díobh i bhfabhar an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra agus bhí 43 % i bhfabhar dhlí an éilimh arna shannadh. Ag cruinniú de shaineolaithe na mBallstát maidir le heasaontacht dlíthe a tionóladh i mí Mheán Fómhair 2017, bhí tuairimí éagsúla ag na Ballstáit maidir lena rogha dlí is infheidhme.
Maidir le hurrúis, sa chomhairliúchán poiblí ba é rogha thosaíochta na dTaisclann Lárnach Urrús (CSDanna) agus rogha thosaíochta páirtithe leasmhara eile gan aon ghníomhaíocht reachtach a bheith ann. Tacaíonn páirtithe leasmhara éagsúla le hathbhreithniú ar na trí Threoir, agus tacaíonn páirtithe leasmhara eile le tionscnamh nua a mholadh. Mar sin féin, níl na páirtithe leasmhara atá ag iarraidh go ndéanfar beart reachtach ar aon intinn in aon chor faoi cén rogha bheartais thosaíochta is fearr (is é sin, an dlí is infheidhme a ainmniú trí thagairt a dhéanamh d'áit an idirghabhálaí ábhartha, nó saoirse a thabhairt maidir leis an rogha dlí). Ag cruinniú de shaineolaithe na mBallstát maidir le heasaontacht dlíthe a tionóladh i mí na Samhna 2017, thacaigh formhór mór na mBallstát le Teachtaireacht lena soiléirítear tuairimí an Choimisiúin i ndáil le rialacha easaontachta dlíthe atá ann cheana san Aontas.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Meastar go mbeidh tionchar dearfach ag an dá rogha thosaíochta, eadhon ionstraim reachtach a ghlacadh i ndáil le héilimh agus Teachtaireacht a eisiúint lena soiléirítear tuairimí an Choimisiúin i ndáil le rialacha easaontachta dlíthe atá ann cheana san Aontas i ndáil le hurrúis (cé go mbraithfidh leibhéal an tionchair ar ghnéithe dlíthiúla an dá rogha) ar an ngeilleagar, ar na margaí airgeadais agus ar an bhfíorgheilleagar. Dá nglacfaí rialacha ar leibhéal an Aontais maidir leis an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh trasteorann de agus dá ndéanfaí soiléiriú ar thuairimí an Choimisiúin i ndáil le rialacha easaontachta dlíthe atá ann cheana san Aontas i ndáil leis an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí dílseánaigh

idirbheart trasteorann urrús, sholáthrófaí leis sin deimhneacht dhlíthiúil agus, dá réir sin, laghdófaí nó chuirfí deireadh leis an riosca dlíthiúil atá nasctha le hidirbhearta trasteorann. Laghdódh an deimhneacht dhlíthiúil riosca na gcaillteanas airgeadais, agus gheofaí réidh leis na costais bhreise idirbheart a eascraíonn as costais dhlíthiúla díchill chuí agus chuirfí infheistíocht trasteorann chun cinn agus comhtháthú an mhargaidh dá réir. D'éascódh deimhneacht dhlíthiúil rochtain ar mhaoiniú níos saoire ag cuideachtaí , go háirithe FBManna agus tomhaltóirí, freisin mar gur sásra é sannadh éileamh a úsáidtear go minic chun rochtain a fháil ar chreidmheas níos saoire (tríd an bhfachtóireacht agus soláthar urrúis chomhthaobhaigh, mar shampla). D'fhéadfadh tionchar sóisialta dearfach indíreach a bheith ag infheistíocht bhreise trasteorann agus rochtain ag cuideachtaí ar chreidmheas níos saoire. Níltear ag súil go mbeidh aon sochar díreach suntasach ann don chomhshaol.

Tá cainníochtú na sochar deacair toisc nach bhfuil cainníochtú déanta ar na rioscaí dlíthiúla. I réimse na n-éileamh, coinnítear faisnéis faoi luach na n-éileamh arna sannadh, líon na sanntaí agus faisnéis i dtaobh cibé acu an sanntaí trasteorann iad nó nach ea faoi rún ag lucht tionscail nó ní dhéantar taifead uirthi. Sa chomhairliúchán poiblí, dhearbhaigh údaráis na mBallstát agus comhlachais de cuid na bpáirtithe leasmhara go bhfuil cuid mhór sonraí maidir le sannadh éileamh, mar shampla soláthar urrúis chomhthaobhaigh nó urrúsú, nach mbailíonn údaráis phoiblí, páirtithe leasmhara ná comhlachais de chuid páirtithe leasmhara.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Ní mheastar go mbeidh aon drochthionchar eacnamaíoch, sóisialta ná comhshaoil ag an tionscnamh reachtach maidir le héilimh ná ag an tionscnamh neamhreachtach maidir le hurrúis. A mhalairt ar fad a bheidh fíor, beidh tionchar dearfach eacnamaíoch agus sóisialta ag na tionscnaimh seo trí dheimhneacht dhlíthiúil a sholáthar. Dá nglacfaí forálacha aonfhoirmeacha maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de i dteannta le glacadh Teachtaireachta ina soiléirítear tuairimí an Choimisiúin i ndáil leis na forálacha atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le heasaontacht dlíthe i dtaca le héifeachtaí dílseánaigh idirbheart trasteorann urrús, chuirfí deireadh leis an riosca dlíthiúil agus, dá bhrí sin, chuirfí deireadh leis an riosca i dtaobh caillteanais airgeadais, leis na costais bhreise idirbheart atá ceaptha an riosca dlíthiúil a mhaolú, agus chuirfí chun cinn infheistíocht trasteorann agus comhtháthú an mhargaidh. Féadfaidh an tionscnamh reachtach ar éilimh costais oiriúnaithe aonuaire a ghearradh ar rannpháirtithe sa mhargadh (más gá dóibh a ndoiciméadacht dhlíthiúil a athrú, mar shampla). Níor cheart costais chomhlíonta a bheith de thoradh ar an tionscnamh neamhreachtach maidir le hurrúis.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Beidh tionchar dearfach díreach ag soláthar dheimhneacht dhlíthiúil trí bhíthin an tionscnaimh reachtaigh maidir le héilimh agus an tionscnaimh neamhreachtaigh maidir le hurrúis ar ghnólachtaí. Go sonrach, rachaidh an tionscnamh reachtach maidir le héilimh chun tairbhe FBManna agus micrea-chuideachtaí mar, tríd an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí úinéireachta sanntaí éileamh a ainmniú go soiléir agus roimh ré, beidh níos mó deiseanna ag na gnólachtaí sin sásraí a roghnú a chuirfidh ar a gcumas rochtain a bheith acu ar mhaoiniú níos saoire trí fhachtóireacht agus soláthar urrúis chomhthaobhaigh trasteorann. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar dearfach indíreach ag tuilleadh infheistíochta trasteorann agus rochtain ag gnólachtaí ar chreidmheas níos saoire ar an bhfostaíocht freisin. Maidir le hurrúis, cuirfidh an Teachtaireacht soiléireacht ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh gan costais chomhlíonta a fhorchur a d'fhéadfadh cur isteach ar an margadh. D'fhabhródh na sochair sin le hidirghabhálaithe airgeadais agus d'fhéadfaí iad a chur ar aghaidh go dtí infheisteoirí deiridh. Cabhróidh feabhas ar shoiléireacht na rialacha is infheidhme atá ann cheana féin le haon riosca trasteorann a bhaineann leis an éiginnteacht dhlíthiúil a laghdú chomh maith leis na costais idirbheart a bhaineann leis an dlí is infheidhme a chinneadh.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Ní chuirfidh an tionscnamh reachtach maidir le héilimh ná an tionscnamh neamhreachtach maidir le hurrúis aon chostais shuntasacha ar na húdaráis riaracháin náisiúnta. Ós rud é go gcuirfidh na bearta atá beartaithe deimhneacht dhlíthiúil ar fáil, meastar go gcuideoidh siad chun obair na gcúirteanna a mhaolú.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Beidh tionchar dearfach ag an tionscnamh reachtach ar éilimh agus ag an tionscnamh neamhreachtach maidir le hurrúis i ndáil le deimhneacht dhlíthiúil maidir le gnéithe úinéireachta idirbheart in éilimh agus urrúis, a bhaineann leis an gceart bunúsach chun maoine. Ní dhéanfaidh an tionscnamh reachtach maidir le héilimh ná an tionscnamh neamhreachtach maidir le hurrúis difear do ghnéithe ná do chúrsaí iomaíochta a bhaineann le tríú tír.

Ós rud é go mbeadh rogha thosaíochta an tionscnaimh reachtaigh maidir le héilimh bunaithe ar an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra, chruthófaí sineirgíochtaí le Rialachán Dócmhainneachta an Aontais Eorpaigh, ar bhonn riail chomhoiriúnach easaontachta dlíthe. Bhainfí sineirgíochtaí amach freisin ar an leibhéal idirnáisiúnta mar is é an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra an dlí a roghnaigh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 2001 freisin maidir le Sannadh Infháltas i dTrádáil Idirnáisiúnta.

| |
|---|
| Maidir le hurrúis, ceadóidh an Teachtaireacht roinnt cóineasú san Aontas i gcoitinne agus féadfaidh sé, i roinnt cásanna sonracha, cur i bhfeidhm dlíthe éagsúla ar an leibhéal idirnáisiúnta a sheachaint. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar thionchar agus ar éifeachtacht na dtionscnamh atá beartaithe maidir le héilimh agus urrúis trí cheistneoir a chur chuig na príomhpháirtithe leasmhara. Féadfaidh an ceistneoir sin a bheith mar chuid de staidéar níos cuimsithí ina scrúdófar forbairtí i réimsí na n-idirbheart trasteorann in éilimh agus urrúis. Déanfar meastóireacht ar thionchar an tionscnaimh atá beartaithe maidir le héilimh i dtuarascáil a ullmhóidh an Coimisiún cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an ionstraim atá beartaithe. |